Polasaí Fón Soghluaiste

Má thugann páiste fón soghluaiste ar scoil, caithfear an fón a choimead as amharc múchta i rith an lá scoile agus níl sé ceadaithe an fón á úsáid, ar fáth ar bith sa scoil, sa chlós, nó in áit ar bith 'fhaid is tá imeachtaí scoile ar siúl (m/sh san ionad snámha)

Níl ach an t-aon eisceacht i gceist, imeacht/eachtra sé sin i gcás éigeandala nó le cead múinteora.

Muna dtugann páiste aird ar an rial seo agus má úsáideann páiste fón ar thalamh na scoile gan cead beidh orthu an fón a thabhairt do bhall den fhoireann scoile agus iarrfar ar a t(h)uismitheoirí an fón a bhailiú ó oifig na scoile.

Má cheapann múinteoir go bhfuil seans ann go bhfuil ábhar mí-oiriúnach stóráilte ar an bhfón beidh ar an dalta an fón a thabhairt don mhúintoeir agus iarrfar ar thuismitheoirí é a bhailiú ón scoil.

Má cheaptar go bhfuil ábhar ar an bhfón a thabharfadh fianaise i dtaca le cion choiriúil tabharfar an fón do na gardaí a dhéanfaidh iniúchadh air. Coinneofar tuismitheoirí ar an eolas más amhlaidh an scéal.

Beidh an polasí seo comhsnaidhithe leis an bpolasaí smachta agus pléifear le fealladh sa pholasaí seo sa chaoi chéanna le fealladh ar bith eile.

Ní ghlacann an scoil freagracht ar bith as ucht fóin soghluaiste a chailtear, a ghoidtear nó go dtárlaíonn damáiste dóibh a abhnuachan/athsholáthar.

Is faoin bpáiste/tuismitheoirí an pháiste slándáil agus sábháltacht an fón soghluaiste.

Ní ghlacann an scoil freagracht ar bith do pháistí a chailleann an fón póca nó a ngoidtear an fón póca uatha agus iad ag taisteal go dtí'n scoil agus abhaile arís.

Is gá do dhaltaí a bhfón póca a bheith lipéadaithe go soléir lena n-ainm.

Má thagann duine ar fón póca ar thalamh na scoile agus nach féidir teacht ar an úinéir is gá é a thabhairt do bhall foirne.

Moltar go láidir do dhaltaí focail folaigh nó uimhir 'pin' a choimead faoi rún. Ní ceart fón soghluaiste agus focail folaigh a roinnt le daoine eile.

Má úsáideann dalta an fón soghluaiste chun teachtaireachtaí déistineacha a chur chuig duine eile nó chun maistíneacht a dhéanamh ar dhuine cuirfear smachtbhannaí orthu mar atá leagtha amach sa Chód Iompair.

Is gá a mheabhrú gur cion choiriúil é fón soghluaiste a úsáid chun bagairt/crá nó déistean a chur ar dhuine eile.

Má thárlaíonn amhlaidh agus má mheastar tríd is tríd má go raibh pé smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm ag an scoil mí éifeachtach, d'fhéadfadh an scoil an cheist a mheá agus na gardaí a thabhairt isteach sa scoil.

Faomhadh ag an mBord Bainistíochta ar an **2ú Deire Fomhair 2018.**

Síniú: _____

Séamus Caomhánach
Cathaoirleach an Bhoird

Polasaí Fón Soghluaiste

Ní ceadmhach do dhalta ar bith fón soghluaiste a thabhairt ar scoil nó ag imeachtaí scoile.

An t-aon eisceacht leis seo ná i gcás éigeandála nó le cead faighte ón bPríomhoide roimh ré.

Má dhéanann daltaí neamhaird den pholasaí seo nó má thugann said fón leo ar scoil, is Cuma ar úsáid siad é nó nach n-úsáideann beidh orthu an fón a thabhairt do bhall foirne agus iarrfar ar thuismitheoirí an fón a bhailiú on oifig.

Faomhadh ag an mBord Bainistíochta ar an _____

(dáta)

Síniú: _____

Cathaoirleach an Bhoird